

Mura mbíonn tú sásta le cinneadh an Fhoireann Riarastí, is féidir leat achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinneadh nó i gcoinne aon ghné den tslí inar láimhseáladh d'iarratas. Beidh an t-achomharc á éisteacht ag duine as ceantar eile ach a bhfuil taithí acu ar iasachtaí agus ar mhaoiniú tithíochta. Tabharfar a n-ainm duit agus coinneoidh siad ar an eolas tú faoi stádas d'achomhairc agus faoin gcinneadh a dhéanfar faoi dheireadh. Mura mbíonn tú sásta leis an gcaoi a bpléann an t-údarás áitiúil le do chuntas, is féidir leat é a chur faoi bhráid Oifig an Ombudsman ag www.ombudsman.gov.ie le cinneadh a lorg.



Athshealbhú.

Is é athshealbhú maoinne an rud is lú a theastaíonn uaitse nó ón údarás áitiúil. Cuirfidh sé isteach ortsa go mór agus cuirfidh sé an-stró orainne. De ghnáth, ní thabharfar faoin ngníomh seo ach má theipeann ar an iasachtaí comhoibriú leis an bplé maidir le téarma na hiasachta atá acu. I gcúinsí áirithe, nuair nach féidir an iasacht a bhuanú, b'fhéidir nach mbeidh aon rogha ann ach athshealbhú deonach nó le forghníomh a dhéanamh. Ná déan dearmad gur ortsa a thitfidh na costais a ghabhann leis an bpróiseas seo, agus gur féidir aon easnamh i luach na maoinne i gcoinne na suime atá la haisíoc a ghearradh ort chomh maith.




Ár sonraí teagmhála.

Má tá riarastí ar d'iasacht, nó más dóigh leat go dtarlóidh sé seo go luath, déan teagmháil linn gan mhoill. Táimid ann le héisteacht leat agus le cabhair a thabhairt duit.

FOLÁIREAMH: Is mar threoir amháin atá an cháipéis seo á heisiúint agus níor cheart glacadh léi mar léirmhíniú dlíthiúil ar na dlíthe agus ar na rialacháin a bhaineann le hiasachtaí na n-údarás áitiúla.

Stampa agus sonraí teagmháil an Udarás Áitiúil anseo

Cuir Caoi Air !




Treoir le réiteach a fháil ar d'fadhb le riarastí morgáiste



Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government



Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
County and City Managers' Association



Labhair linn.

Le cúrsaí airgeadais mar atá siad faoi láthair, tá deacrachtaí ag go leor daoine lena mbillí a íoc. Tá sé seo intuigthe agus pá ag titim, cánacha agus dleachtanna ag ardú, agus praghsanna ag dul suas. Mar sin, má tá sé deacair duit an iasacht tithíochta atá agat ón údarás áitiúil a aisíoc, nó má mheasann tú go mbeidh deacrachtaí agat mar gheall ar athruithe i do chúinsí maireachtála, is fearr duit teacht chun cainte linn. Táimid in ann cabhrú leat agus déanfaimid é sin.



Tacaíocht le Riarastí.

Tá Foireann Tacaíocht Riarastí ag d'údarás áitiúil, le ball foirne atá oilte le héisteacht le do scéal agus cabhrú leat do sceideal íocaíochta a athreagrú agus an brú a bhaint as do theaghlach. Más i riocht **réamh-riarastí** atá tú, is é sin, más eol duit go mbeidh do chuid cúinsí ag dul i ndonas, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh freisin. Is féidir le cúinsí ar nós iomarcaíocht, uair-eanta laghdaithe oibre, imeachtaí saoil gan choinne agus mar sin de d'ioncam a laghdú. Más eol duit go mbeidh riarastí ort, nach ceart labhairt linn roimh ré, agus caoi a chur ar rudaí?


Má tá riarastí ort cheana féin, déan teagmháil linn láithreach. Ní imeoidh an fhadhb mura dtugann tú aird uirthi.



Na Roghanna atá ann duit

Ní theastaíonn ó dhuine ar bith a n-áit chónaithe a chailliúint agus ba chóir gurb é sin rogha an díogha do gach duine. D'fhonn cabhrú leat é seo a sheachaint, is féidir leat féin agus leis an bhFoireann Riarastí féachaint ar na roghanna seo a leanas le réiteach a fháil ar do chuid deacrachtaí.

- **Íocaíochtaí úis amháin.** D'fhéadfá a shocrú nach n-íocfá ach an t-ús ar d'iasacht go dtí go mbeidh cúinsí níos fearr agus go mbeidh tú in ann tosú ar an iasacht a aisíoc go hiomlán arís.
- **Ús agus cuid den chaipiteal:** D'fhéadfá a bheith in ann cuid mhór de na tráthchodanna a íoc, gan an t-iomlán a íoc. Sa chás seo d'fhéadfá an t-ús agus cuid den iarmhéid caipitil a íoc.
- **Aisíocaíochtaí ar an iasacht a chur siar** ar feadh tamaill agus tosú arís



nuair a bheidh cúinsí níos fearr.

- **Fad a chur le téarma na hiasachta.** In ionad d'iasacht a aisíoc mar a comhaontaíodh ar dtús, b'fhéidir go dteastódh uait í a aisíoc thar tréimhse níos faide, agus na haisíocaíochtaí a laghdú dá réir.
- **Na riarastí a chur leis an iasacht** agus na haisíocaíochtaí a thosú arís go hiomlán, nó i bpáirt.

Má phiocann tú ceann de na réitigh seo, is féidir leat iarratas a dhéanamh go nglacfar leis agus dul ar aghaidh agus a fhios agat go bhfuil d'áit chónaithe slán.



Cad is gá dúinn a fháil uaitse?

D'fhonn measúnú réasúnta a dhéanamh ar an riocht ina bhfuil tú, agus an rogha is fearr a dhéanamh leis na fadhbanna riarastí a réiteach ní mór duit d'ioncam agus do chuid billí míosúla a scríobh síos. Tugtar **Ráiteas Caighdeánach Airgeadais** ar seo, agus tá cóip ar fáil ó d'údarás áitiúil. B'fhéidir go bhfuil cuma chasta air, ach tá sé éasca é a chomhlánú. Sa cholún *Ioncam*, níl le déanach ach liosta a thabhairt den ioncam ó gach

foinse ar bhonn seachtainiúil nó míosúil. Sa cholún *Caiteachas* tabhair liosta de na nithe uile a gcaitheann tú airgead orthu, ag cur sábháil agus gearradh siar a d'fhéadfá a dhéanamh san áireamh. Má bhaintear *Caiteachas* as an *Ioncam*, beidh sé éasca a fheiceáil cén ioncam inúsáidte atá fágtha agat.

Beidh áthas ar ár mbaill foirne cabhair a thabhairt duit leis an bhfoirm seo. Cuimhnigh air gur féidir cabhair a fháil chomh maith ón oifig áitiúil MABS agus ó ghníomhaireachtaí eile ar nós do chomhar creidmheasa agus ó eagraíochtaí deonacha ar nós Cumann Uinsinn de Pól.

Na chéad céimeanna eile



Nuair a chuireann tú d'iarratas ar athrú i dtéarmaí do mhorgáiste ar aghaidh, scrúdóidh an t-údarás áitiúil é láithreach agus tabharfar cinneadh duit chomh luath agus is féidir. Beidh sonraí ann faoi théarmaí leasaithe an tsocraithe nua.

Má bhíonn tú sásta leis seo is féidir dul ar aghaidh leis na socraithe gan stró. Nuair a bhíonn do shíniú curtha leis an sceideal nua seo, ní mór duit gach iarracht a dhéanamh cloí leis.